

AOIBHNEAS

Samhain



An Ghrian & An Ghaoth Aduaidh



Uair amháin bhí an Ghaoth Aduaidh lán bróid agus dúirt sí leis an ghrian "Is láidre mise ná tusa" scairt sí amach go garbh. "Féach mar a shéidim!" Shéid sí

go teann agus shéid sí go tréan. "Sea, tá neart iontach ionat" d'aontaigh an Ghrian agus í ag gáire, "ach níl tú chomh láidir liomsa." "Cinnte, is láidre mé ná tú" arsa an Ghaoth Aduaidh go fíochmhar. Ansin chonaic an Ghrian, i bhfad síos uaithi, fear ag siúl, agus clóca gorm air. "An bhfeiceann tú an fear úd thíos a bhfuil an clóca gorm air?" arsa an Ghrian. "Feicim" arsa an Ghaoth Aduaidh. "An bhfuil tú ábalta tabhairt ar an fhear sin a chlóca a bhaint de?" arsa an Ghrian. "Ohó ! Tá sin furasta!" scairt an Ghaoth Aduaidh amach go garbh. "Seo chuige mé!"

Shéid sí go teann agus shéid sí go tréan ar an fhear agus ba bheag nár bhain sí de a chlóca. Ach clóca teasáí a bhí ann agus chomh luath is mhothaigh an fear an ghaoth fhuar ag séideadh air, tharraing sé a chlóca thart air agus ghreamaigh sé go teann é lena dhá lámh. Ní raibh an Ghaoth





Aduaidh
róshásta agus
shéid sí arís.
Arís agus arís
eile shéid sí léi i
dtreo an fhir ag
iarraidh an clóca
a bhaint de. Ach
níor éirigh léi.
Ghreamaigh an

fear a lámha ní ba dhéine ar a chlóca agus d'fhill sé thart air ní ba dhlúithe.
"Níl amhras ná go séideann tú go tréan," d'admhaigh an Ghrian. "Ach feicim go
bhfuil a chlóca ar an fhear go fóill, in ainneoin do chuid iarrachtaí."

D'fhéach an Ghaoth Aduaidh go géar ar an fhear, a bhí ag
brostú leis in éadan na gaoithe agus a chlóca casta timpeall air. Lig an Ghaoth
Aduaidh béic aisti. "Ohó!" ar sise. "Níl mé réidh leis go fóill. Ní theipfidh orm
tabhairt air a chlóca gorm a bhaint de sula rachaidh sé coiscéim eile." Ba
chuma cad é chomh láidir is a shéid sí, ní raibh sí ábalta tabhairt ar an fhear
an clóca olla a bhaint de.

"Déanfaidh mise iarracht anois a chlóca a bhaint den fhear" arsa an Ghrian
ag gáire. "Agus is dóigh liom go n-éireoidh liom." Thosaigh an Ghrian ag
taitneamh go caoin anuas ar an fhear. Bhí aoibhneas ar an fhear go raibh
an teas ag teacht ann arís. Gan mhoill, d'oscail sé a chlóca olla agus lig dó
sileadh siar lena ghuailí. Lonraigh an ghrian ní ba theo agus ní ba theo agus
d'éirigh an fear ní ba theo agus ní ba theo agus é ag siúl leis. Thosaigh sé ag
cur allais. Faoi dheireadh, d'éirigh sé róthe. Bhain sé de a chlóca gorm agus

d'iompair ar a sciathán é.
"Anois" arsa an Ghrian,
"cé againn is láidre,
mise ná tusa?" Agus
b'éigean don Ghaoth
Aduaidh, i ndiaidh a cuid
séidte admháil gur
láidre an Ghrian ná í féin.



Míonna na Blíana.

Eanáir



Lúnasa

B	R	H	M	Í	D	E	I	B
S	I	G	R	Á	E	A	E	D
H	A	F	I	Ó	R	A	M	H
A	H	M	H	A	L	T	M	A
R	M	I	H	T	L	A	A	A
H	Ó	R	A	A	E	L	I	S
B	F	I	I	H	I	B	O	A
A	N	R	T	Á	R	N	I	N
E	Á	I	I	E	N	Ú	N	Ú
F	E	E	Á	A	I	A	S	L
M	M	N	N	L	A	M	E	H



Faigh na míonna agus an
teachtaireacht i bhfolach

Samhain



Aibreán



Samhain

Mí na Samhna
Mí na Marbh,
Séasúr dorcha,
Séasúr garbh,
Crainn loma,
Aimsir fhuar,
Tús Geimhridh,
Drochthuar

Saol gan fuaim
Tuath faoi shuan
Sa reilig
'Measc leacht
An Nollaig romhainn
San Nioclás ag teacht



Cé Meas?

TOMHAS A.



Tá mo chéad litir in TEACH ach níl sí in BEALACH.

Níl an dara litir in LABHAR ach tá sí in LEABA.

Tá an tríú litir in MACALLA ach níl sí in CUIMIL.

Tá an ceathrú litir in MULLACH agus tá sí in TIMPISTE.

Níl an cúigiú litir in AOIS ach tá sí in SIOPA.

Tá an séú litir in EAGLAIS ach níl sí in SEILG.

Níl an seachtú litir in BOSCA ach tá sí in BLAOSC.

Tá an t-ochtú litir in IÚIL ach níl sí in SAIGHDIÚIR.

Focal eile ar eaglais atá sa fhreagra.

TOMHAS B.

Tá mo chéad litir in SÍOL ach níl sí in SOLAS.

Tá an dara litir in CUISNEOIR agus tá sí in GAOOTH.

Níl an tríú litir in LAOIS ach tá sí in SCAOIL.

Tá an ceathrú litir in CLISTE ach níl sí in COISTE.

Tá an cúigiú litir in CAORA ach níl sí in SCRÍOBH.

Níl an séú litir in IASC ach tá sí in SCIAN.

Tá an seachtú litir in NAOSC ach níl sí in SOCAIR.

Focal eile ar Ionad Sláinte

Teicneolaíocht - Rud Nua nó Seanrud ?

Faoi láthair tá cion ar an fhocal "teicneolaíocht". Tá an focal ardteicniúil in úsáid go coitianta le cur síos a dhéanamh ar rud atá nua agus teicniúil. Ón dóigh a luaitear í shilfeá nár thángthas uirthi go dtí le deich mbliana anuas ach i ndáiríre tá teicneolaíocht thart leis na céadta agus leis na mílte bliain. Is féidir a rá gur fionnachtana (inventions) ardteicniúla iad na tuirbíní gaoithe agus na stáisiúin ginte hidrileictreacha ach níl iontu ach forbairt nua-aimseartha ar na seanmhuithe gaoithe agus na seanmhuithe uisce atá thart leis na cianta. Baineadh úsáid astu seo chun grán mheilt (grain grinding), pumpáil uisce agus uisciú talún a dhéanamh. Deirtear go raibh mulite gaoithe ag na Sínigh 2000 bliain ó shin agus bhí siad in úsáid ag na Peirsigh idir 500 - 900 A.D. Thosaigh na hOllannaigh á n-úsáid le haghaidh na grán meilte thart fá 1400 A.D. Bhain siad feidhm astu mar phumpáí chun uisce a phumpáil amach as na hachair talún sin a bhí faoi leibhéal na farraige ar a dtugtar poldair (Polders).

Cad é mar a d'oibrigh mulite gaoithe?

Bhí na seolta móra ceangailte le roth gaoithe ina raibh mol (hub) ina lár. Bhí an mol ceangailte le fearsaid (shaft) a bhí ceangailte le dhá ghiar thiomána. De réir mar a thiontaíonn an roth gaoithe, casann an fhearsaid agus tugann seo, ina sheal, ar na giaranna tiomána tiontú. Tá na giaranna ceangailte le pumpa atá suite faoi leibhéal an uisce. De réir mar a thiontaíonn na giaranna, agus ardaíonn agus íslíonn siad dhá sciathán an phumpa agus is mar seo a phumpálann mulite gaoithe amach an t-uisce. Saothraíodh (reclaimed) an talamh ón fharraige fhad is bhí an t-uisce á phumpáil amach agus coinníodh an fharraige amuigh trí cláiocha móra, déanta as créafog agus fóid, a thógáil.



Cad é mar a d'oibrigh mulite uisce?



Tá mulite uisce thart leis na cianta. Tógadh muileann uisce in aice le habhainn agus bhí roth uisce ar thaobh an mhuilinn. Ba roth mór adhmaid nó roth mór iarainn é an roth uisce agus bhí céaslaí (paddles) ceangailte leis. Nuair a bhual sruth na habhann na céaslaí thiontaigh sin an roth. Díreach cosúil leis an mhuileann gaoithe, bhí mol an rotha uisce ceangailte le haiseal fiaclach (cogged axle) a thiontaigh roth fiaclach a bhí ceangailte le ceann de dhá chloch mhuilinn. Cuireadh an grán ar an chloch mhuilinn nár bhog agus rinneadh é a mheilt idir an dhá chloch mhuilinn agus is mar seo a rinneadh an plúr a bhí riachtanach d'arán.



Ar ndóigh tá mulite gaoithe á n-úsáid ina lán bealaí éagsúla sa lá atá inniu ann. Smaoinigh ar thuirbíní gaoithe mar a thugtar orthu. Soláthraíonn siad fuinneamh in-athnuaithe dúinn. Chun seo a dhéanamh biónn cnuasach síobh le chéile i bhfeirmeacha gaoithe. Tógtar iad in áiteanna ina bhfuil fairsinge gaoithe ag séideadh an chuid is mó den bliain. Dá mhéad na tuirbíní, is mó an ghaoth a bheireann siad agus dá réir sin is mó an leictreachas a ghineann siad. Tá na tuirbíní beagnach 4m ar leithead ag an bhun agus tá siad idir 69m agus 80m in airde ag an mol (hub). Le ceann de na lanna in airde, tá siad chomh hard le 120m! Agus ní ar an talamh amháin atá feirmeacha gaoithe á dtógáilanois, mar tá siad amuigh san fharraige freisin.

Tá trí lann ar thuirbín gaoithe agus tá siad rud beag cosúil leis na lanna liáin atá ar rótar. Tá an rótar suite ar bharr túir ard. Nuair a shéideann an ghaoth, casann sí an rótar. Nuair a chasann an rótar, tionaíonn na lanna liáin agus cruthaíonn siad cumhacht sa ghineadóir. Tá roinnt maighnéad agus cuid mhór sreinge copair (copper) istigh sa ghineadóir a chruthaíonn leictreachas.


Buntáistí agus Míbhuntaistí

Ar lámh amháin má bhainimid úsáid as fuinneamh gaoithe, dóimid níos lú breosla iontaise (fossil fuel) agus tá seo ar mhaithle leis an timpeallacht. Ar an lámh eile deir daoine go gcuireann callán na dtuirbíní isteach orthu agus go milleann na tuirbíní an tírdhreach. Chomh maith le sin, déanann daoine gearáin faoi chaochadh soilse i dtithe atá suite faoi scáth na dtuirbíní gaoithe.

Déan Ainéimiméadar

Is é atá in ainéimiméadar ná gléas chun luas na gaoithe a thomhas. Is iomaí cineál ainéimiméadar atá ann ach is ceann simplí é an ainéimiméadar déanta le cupán. Is é an méid uaireanta a chasann sé laistigh de spás ama a chuireann luas na gaoithe in iúl dúinn. Foghlaimeoimid conas ainéimiméadar a dhéanamh thíos.

ÁBHAIR
5 chupán pháipéir
Pollaire páipéir
Siosúr
Téip Ghreamaitheach
3 Dhualbhata (Dowels)
Buidéal uisce folamh
Stopuaireadóir



Modh Oibre:

1. Cuir poll i dtaoibh gach ceann de cheithre cupán
2. Cuir ceithre pholl ar chomhfhad faoi imeall an chúigiú cupán
Seo lár an ainéimiméadar.
3. Sleamhnaigh dhá dhualbhata tríd na poill sa chúigiú cupán i bhfoirm 'X'
4. Cuir cinn na ndualbhataí isteach i bpoill na gcupán eile
agus greamaigh iad le téip greamaitheach.
Bí cinnte go bhfuil béis oscailte na gcupán ag dul in aon treo.
5. Sáigh an 3ú dualbhata tríd tóin an chúigiú cupán go gcasann sé ar an 'X'
agus greamaigh le chéile iad. Seo d'ais rothlaithe (rotation axis).
6. Cuir an 3ú dualbhata isteach sa bhuidéal folamh agus tosaigh an tástáil.

Cód.

Cad dó a seasann na grúpaí figíúirí seo?

A	Á	B	C	D	E	É	F	G	H	I	Í	L	M	N	O	Ó	P	R	S	T	U	Ú
1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20	21	22	23

1. 21,23,20 14,1,11,21,10 13,6,1,21,10 15,1 10,16,11,3,19,6.

1. _____
2. 15, 12 15, 6, 1, 19, 21 9, 16 4, 10, 22, 19 13, 6 4, 10, 7, 11, 13, 6.
2. _____
3. 11,20 9,13,1,20 11,1,5 15,1 4,15,16,11,4 11 3,10,8,1,5 22,1,11,15,15.
3. _____
4. 15,12 20,10,6,1,20,1,15,15 20,1,4 8,16,13,1,14,10.
4. _____
5. 11,20 3,11,15,15 3,7,1,13 11,15,1 21,10,16,20,21.
5. _____

An Cluiche Deireanach an Imirt

Ba chúpla iad Liam agus Áine agus bhí siad ar saoire ón scoil. Maidin fhliuch a bhí ann agus bhí siad ag féachaint ar an teilifís sa seomra suí. Bhí Mamaí agus Daidí sa chistin. "Siúd é fear an phoist ag an gheata" arsa Mamaí, "rith amach mar a dhéanfadh gasúr maith agus tóg na litreacha uaidh" Rith Liam amach agus fuair sé na litreacha agus thug sé iad isteach chuig Mamaí. Níor dhruid sé doras na cistine go hiomlán ina dhiaidh agus ní luaithe a bhí sé ina shuí gur chuala sé Mamaí ag béiceadh: "Bhuel an gcreidfeá é?" ar sí, "tá muid tar éis cuireadh a fháil chuig bainis do chol ceathar, Éamon!" "Arú, drochbhail air" arsa Daidí, "anois caithfidh mé culaithe nua a cheannach."

Ó ba rud é go raibh an doras leathdhúnta agus an teilifís ar siúl, níor chuala Liam an méid a dúirt a athair i gceart. "Ar chuala tú sin?" ar sé lena dheirfiúr, "táimid ag fáil coileán nua!" "Tá ár mbreithlá ag teacht aníos Dé hAoine seo chugainn." "Is dócha gur seo ár mbronntanas!"

Bhí na páistí ar bíos le háthas agus bhí gliondar croí orthu. "Níor luagh Daidí



coileán dúinn ar chor
ar bith, an rógaire!"
arsa Áine, "is dócha
go raibh sé ag dul le
hábhar iontais a chur
os ár gcomhair."
"B'fhéidir go bhfuil
an ceart agat" arsa
Liam.


"Ní déarfaimid focal faoi, mar sin." Bhí airgead póca curtha i dtaisce ag na páistí agus chuaigh siad go dtí an siopa peataí i ngan fhios dá dtuismitheoirí agus cheannaigh siad conchró deas gorm. Nuair a thug siad abhaile é, chuir siad é i bhfolach sa gharáiste.

Idir an dá linn bhí Mamaí agus Daidí gnóthach ag ullmhú don bhainis.

Tháinig Daidí anuas na staighre maidin Dé hAoine agus a chulaith dheas nua air, ag iarraidh tuairim na bpáistí a fháil. Nuair a shiúil sé isteach bhí na páistí ansin roimhe agus an conchró nua i lár an urláir.

Nach orthu a bhí síomá nuair a dúirt Daidí: "Cad é bhur mbarúil de mo chulaith nua?" agus gan aon iomrá ar choileán nua.


"CULAITH NUA?" arsa na páistí araon. "Nach ndúirt tú COILEÁN NUA an lá faoi dheireadh?" ar siad. D'fhéach Daidí ar an chonchró ar an urlár agus phléasc sé ag gáire. Nuair a míníodh an mhíthuiscent do na páistí, thosaigh siad uile ag gáire. Ar ndóigh bhí trua ag Mamaí agus Daidí do na páistí agus síos leo uilig chuig an siopa peataí. Nuair a phill siad abhaile bhí an coileán beag donn ba dheise a chonaic tú riamh leo.




Bhí lúcháir an domhain ar na páistí. Ghlac Mamaí grianghraf de na páistí agus an coileán lena tábléad nua. An cluiche deireanach an imirt.

Brian Bóramha & Cath Chluain Tarbh


Ón chéad uair a rinne siad creach ar an mhainistir ar Oileán Reachra sa bhliain 795 A.D. chuaigh cumhacht na Lochlannach ó neart go neart. Ach sa deireadh sheas Brian Bóramha agus Treibh Dhal gCais an fód in éadan na Lochlannach agus b'iomaí cath a bhris Brian orthu ach níor chuir sé deireadh leo ar fad. Ach anois i Seachtain Mhór na bliana 1014, bhí cabhlach mór de longa na Lochlannach ar ancaire i gcuán Bhaile Átha Cliath agus bhí a n-arm suite idir Cluain Tarbh agus abhainn an Tulcha. Bhí beartaithe acu lámh in uachtar a fháil ar Ard-Rí na hÉireann, Brian Bóramha agus ríocht Lochlannach a bhunú in Éirinn. Ach leis seo a bhaint amach, bhí orthu an bua a fháil ar Brian agus a lucht leanúna a bhí cruinnithe le cur ina n-éadan.



Bhí na laochra Lochlannacha tar éis teacht ó chian is ó chóngar le hiarracht deiridh a thabhairt ar Éire a chur faoi smacht. Tháinig siad ó Iorua agus ón Danmhairg; ó Inse Orc agus Inse Shealtainn; ó Chorn na Breataine agus ó Oileán Mhanainn. Ba iad Bruadar Mhanainn agus Sigiurd, Iarla Inse Orc, a bhí i gceannas orthu.



Campálte ar thalamh ard ó thaidh ón Life, idir an dá linn, bhí arm na nGael réidh chun troda. Labhair Brian lena chuid fear: "Is ar an lá seo a fuair Críost bás agus is ar an lá seo atá muid ag dul a throid" ar sé. "Mar sin, in ainm Dé agus in ainm na nGael téigí chun troda le ceart in bhur gcroíthe agus neart in bhur lámha agus beirigí an bua ar na coimhthíocha seo."



Bhí fonn ar Bhrian páirt a ghlaicadh sa chath ach ní ligfeadh a mhac, Murchú, dó troid. Chuir Murchú ina luí ar Bhrian fanacht i bpuball ar chúl arm na nGael, áit ónarbh fhéidir leis an cath a fheiceáil. Rinne sé amhlaidh agus ghuigh sé go mbeadh an bua lena chuid fear.



Um tráthnóna, bhí an cath fós ina dhearg-ár. Bhí páirc an chatha clúdaithe le coirp na marbh agus iad sin a bhí loite, agus sa deireadh, ghéill na Lochlannaigh. Thiomáin na Gaeil chun deiridh iad agus chúlaigh a raibh fágtha i dtreo a gcuid long agus shnámh siad trasna na Life.



Chonaic searbhóntaí Bhriain an slad a rinneadh ar na Lochlannaigh agus thug siad an dea-scéala don Ard-Rí. D'fhág na searbhóntaí an puball agus chuaigh siad sa tóir ar an namhaid. Tháinig Lochlannach darbh ainm Bruadar amach as coill bheag a bhí in aice láimhe agus chonaic sé an tArd-Rí ag guí ina phuball.



Le buille dá thua, mhabh Bruadar an tArd-Rí a bhí ar a ghlúine. "Bíodh sé le rá" arsa sé "gur mhabh Bruadar Brian Bóramha!" Agus is mar sin, ar thairseach an bhua, a fuair Brian Bóramha bás ag Cluain Tarbh. Tharla na heachtráí seo 1,000 bliain ó shin i mbliana.


Ceist & Freagra

- | | |
|--|------------------------|
| 1. Má chroitheann madra a eireaball, cad atá air? | Trí chéad seasca. |
| 2. Cá háit a gcónaíonn an diabhal? | Ag am bricfeasta. |
| 3. Cá hainm atá ar bhun na farraige? | San oíche. |
| 4. Cén rud é macalla? | Seachtar. |
| 5. Cén t-ainmhí a gcuirfeá diallait air sa thír seo? | Ar imeall na cathrach. |
| 6. Cé mhéad céim atá i gcearnóg? | Snáth agus snáthaid |
| 7. Cá háit a seasann cúnlaí báire i gcluiche peile? | Aoine an Chéasta. |
| 8. Cad a gheofá in úllord? Fuaim a phreabann de na sléibhte nó na beanna. | |
| 9. Cad a chuireann tú in araid? | Maigh Eo |
| 10. Cén dá rud atá de dhíth ort agus tú ag fuáil? | Fiosracht. |
| 11. Má tá fiacha ort, cad air a bhfuil tú gann? | Capall nó asal. |
| 12. Cad nach ndearna an buachaill easumhal? | Idir na cuailí. |
| 13. Cé leis ar chónaigh Plúirín Sneachta? | Crainn úlla. |
| 14. Cá huair a thagann an t-ulchabhán amach? | In Ifreann. |
| 15. De réir an tseanchais, cad a thug bás an chait? | An grinneall. |
| 16. Cén contae ina bhfuil Cathair na Mart? | Bruscar. |
| 17. Cén t-am den lá a d'íosfá calóga arbhair? | Áthas. |
| 18. Cá háit a bhfuil bruachbhailte le fáil? | Mar a iarradh air. |
| 19. Cé mhéad dath atá i mbogha baistí? | Na Seacht nAbhac. |
| 20. Cén lá cáiliúil a tharla cath Chluain Tarbh? | Airgead. |


Cuir an cheist & an freagra in ord, le do thoil.



MICÍ S'AGAINNE



Dréimire Focal



Cuir na focail seo isteach san áit cheart.

Creideamh
Tarbh
Iníon
Ealaín
Cleite
Bóthar
Sneachta

Scornach
Misneach
Trasna
Eangach
Cochán
Catach
Banaltra